
ÉANNA CORR
Leabhrán an Mhúinteora
Antain Mac Lochlainn &
Úna Nic Gabhann

# Éanna Corr

## Leabhrán an mhúinteora

Antain Mac Lochlainn & Úna Nic Gabhann

Tá na húdair buíoch den Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as coimisiún a chur ar fáil i gcomhair an tsaothair seo.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Is féidir *Éanna Corr* a cheannach ó shiopaí leabhar agus ó shuíomh an fhoilsitheora: www.leabharbreac.com.

ISBN 978-1-913814-59-5

Caomhán Ó Scolaí a dhear an clúdach, arna atáirgeadh anseo le caoinchead Leabhar Breac.

### Na húdair

Is oideachasóir í **Úna Nic Gabhann** a bhfuil taithí fhada aici ar ábhair mhúinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil. I measc na dtionscal lena raibh sí ag obair go dtí seo, tá Vifax don Ghaeilge agus Snas TV (Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad).

Is scríbhneoir agus aistritheoir é **Antain Mac Lochlainn**. I measc na n-ábhar teagaisc leis tá an tsraith *Snas agus Blas* (CCEA, trí imleabhar), *Ar Aghaidh Leat* (CCEA, dhá imleabhar) agus *Dúchas* (COGG).

## Réamhrá

Scríobhadh na hábhair leantacha seo ar bhealach a thabharfaidh deis do scoláirí dul i ngleic le téamaí an úrscéil *Éanna Corr*, eolas a chur ar ghnéithe den litríocht agus a bhfreagairt phearsanta féin a thabhairt ar an saothar. Tá nótaí agus cleachtaí ann i gcomhair gach caibidle den leabhar. Cuirtear formhór na gcleachtaí i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. **An scéal go dtí seo.** Ba dheacair úrscéal iomlán a léamh le linn uaireanta ranga, dar ndóigh. Ina áit sin, moltar iarraidh ar na scoláirí caibidlí áirithe a léamh ina gcuid ama féin. Ní féidir a bheith cinnte go ndéanfaidh gach scoláire é sin, nó nach mbeidh deacrachtaí tuisceana ag scoláirí áirithe agus iad ag dul ó chaibidil go chéile. Is chuige sin a thugann na cleachtaí seo achoimre ar gach caibidil a théann níos doimhne ná aithris lom ar an méid a tharla ann. Cuirtear iallach ar na scoláirí a dtuiscint ar ábhar gach caibidle a léiriú. Is féidir na cleachtaí seo a úsáid i dtús ranga, le súil siar a chaitheamh ar an méid atá léite ag aon phointe ar leith.
2. **Ceird an scríbhneora.** Baineann na hábhair seo úsáid as samplaí in *Éanna Corr* chun gnéithe den fhicsean a léiriú (mar shampla conas a léirítear carachtar) nó chun cleasa stíle éagsúla a thaispeáint (mar shampla, athrá). Cuirtear tacaíocht agus comhthéacs ar fáil a chabhróidh le scoláirí na gnéithe sin a thuiscint agus fiú amháin cuid acu a chleachtadh ina gcuid scríbhneoireachta féin. Mínítear téarmaí a bheidh úsáideach agus iad ag trácht ar chúrsaí litríochta.
3. **Do bharúil?** Tugann na hábhair seo deis do scoláirí a dtuairimí féin a roinnt maidir le téamaí an úrscéil (cairdeas, neamhspleáchas srl.). Seachnaítear ceisteanna loma ar nós ‘Cad a cheapann tú de sin?’ Is i gcomhthéacs an scéil a chuirtear na pointí plé i láthair. Tugtar moltaí i gcomhair obair bheirte, obair ghrúpa agus plé oscailte sa rang.
4. **Saibhriú Gaeilge.** Úsáidtear sleachta as *Éanna Corr* le haird na scoláirí a tharraingt ar ghnéithe den Ghaeilge, mar shampla dúblóga (*tuirseach traochta*) agus téarmaí nua (*zaipire/cianrialtán*).

Níltear ag súil le múinteoirí na hábhair go léir sa leabhrán seo a chlúdach. Déanfaidh múinteoirí cleachtaí áirithe a roghnú de réir riachtanais agus ábhair spéise an ranga. Tá súil ag údair an leabhráin seo go mbainfear idir thaitneamh agus tairbhe as na nótaí agus as na cleachtaí.

## CUID 1, CAIBIDIL 1

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Seo thíos an achoimre agus na bearnaí líonta le freagraí samplacha.

Tá Éanna Ó Corra ina scoláire i bPobalscoil na Carraige. Ní thaitíonn saol na scoile leis mar **níl cairde aige i measc na scoláirí eile.** Bíonn sé ina shuí leis féin go minic. Tugann na scoláirí eile 'Éanna Corr' air. Bíonn buachaill darb ainm Pádaí Masters ag cur isteach air. Is saghas **bulaí nó maistín** é an Pádaí seo agus bíonn sé ag bagairt ar Éanna.

Is dóigh le hÉanna go mbeidh an lá seo cosúil le gach lá eile, ach tarlaíonn rud éigin as an ngnách. **Cuireann an Príomhoide scoláire nua in aithne don rang.** Síomón Ó Collina an t-ainm atá ar an scoláire nua. Is ainm neamhghnách é sin agus ní scoláire mar gach scoláire eile é Síomón. Tá sé iontach **muiníneach** mar dhuine. An rud is iontaí ar fad, iarrann sé cead ó Éanna suí síos in aice leis.

**CEIST AGAM ORT**
Faoi na scoláirí féin atá sé a meas féin a thabhairt ar Éanna mar dhuine.

**AINMNEACHA AGUS LEASAINMNEACHA**
Seo thíos roinnt freagraí samplacha ar na ceisteanna.

1. Cén fáth, meas tú, ar roghnaigh an t-údar an t-ainm 'Éanna Ó Corra'?

Is dócha go raibh an t-údar ag smaoineamh ar an nath cainte *éan corr*. Seo an míniú atá tugtha in *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill*: **éan corr** (of person) outsider, odd man out. Deir Éanna féin gurb eisean 'an duine spáráilte' sa rang agus go mbíonn air suí leis féin.

2. Is ainm neamhghnách é Síomón Collina, in Éirinn ar aon nós! Cén fáth, meas tú, ar roghnaigh an t-údar a leithéid d'ainm?

Seans gur roghnaigh an t-údar an t-ainm Síomón Collina díreach toisc gur ainm neamhghnách é. Ní scoláire mar gach scoláire eile é Síomón. Tá rud éigin mistéireach ag baint leis, agus lena ainm.

3. Bí ag smaoineamh ar ainmneacha na gcarachtar i leabhair nó i scannáin a thaitníonn leat. An bhfuil eolas san ainm faoi phearsantacht nó faoi thréithe an charachtair, mar shampla Luke Skywalker, Voldemort, Ebeneezer Scrooge?

Faoi na scoláirí atá sé a gcuid freagraí féin a chur ar fáil.

**SAIBHRIÚ GAEILGE**

1. Seo na freagraí ar Rogha 1:

| Béarla | Gaeilge |
|---|---|
| **fame, celebrity** | clú agus cáil |
| **confusion** | meascán mearaí |
| **easy-peasy** | éasca péasca |
| **frequently, very often** | go mion minic |
| **really and truly, seriously** | dáiríre píre |
| **vicious circle** | fáinne fí |
| **safe and sound** | slán sábháilte |

Seo na freagraí ar Rogha 2:

| | |
|---|---|
| **clú** | **péasca** |
| **go mion** | minic |
| **meascán** | píre |
| **i ndáiríre** | mearaí |
| **éasca** | agus cáil |

| | |
|---|---|
| clú | agus cáil (*fame, celebrity*) |
| go mion | minic (*frequently, often*) |
| meascán | mearaí (*confusion*) |
| i ndáiríre | píre (*really and truly, seriously*) |
| éasca | péasca (*easy peasy*) |

2. Líon na bearnaí sa tábla thíos. Úsáid foclóir Gaeilge, más gá, le ciall na bhfrásaí Gaeilge a fháil amach.

| Gaeilge | Béarla |
|---|---|
| **slán sábháilte** | safe and sound |
| **fáinne fí** | vicious circle |
| **tinn tuirseach** | exhausted |

3. An féidir leat smaoineamh ar aon sampla den dúblóg i mBéarla nó in aon teanga eile?

Faoi na scoláirí atá sé a gcuid freagraí féin a chur ar fáil.

**DO BHARÚIL?**
Níl freagraí 'ceart nó mícheart' ann. Fós féin, ba cheart go léireodh na scoláirí tuiscint ar na coincheapa liteartha atá i gceist: dáimh le carachtair, foinsí coimhlinte sa scéal, inchreidteacht an scéil (i gcomhthéacs an *genre*) agus fiosracht an léitheora a spreagadh.

## CUID 1, CAIBIDIL 2

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**

Seans go mbeidh tuairimí éagsúla i measc na scoláirí maidir leis na ráitis 1–3, sin nó go gcuirfidh siad béim ar phointí eile ar fad. Ní miste, fad is atá siad in ann fianaise éigin a aimsiú sa téacs.

1. Tá Síomón ag iarraidh a bheith mór le Pádaí Masters.

Fíor ☐ Bréagach ☒

**Fianaise:** Aithníonn Síomón gur bulaí nó 'maistín' atá i bPádaí. Tuigeann sé go mbíonn sé ag bulaíocht ar Éanna. Seans go ndéanfaidh sé an rud céanna airsean, má ligtear dó. Tá a fhios ag Síomón go gcaithfidh sé 'déileáil' le Pádaí roimh dheireadh an lae.

2. Nuair a fheiceann Síomón Éanna den chéad uair, aithníonn sé go bhfuil sé difriúil leis an gcuid eile den rang.

Fíor ☒ Bréagach ☐

**Fianaise:** Seasann Éanna amach ón gcuid eile den rang mar gheall ar an gcuma atá air: 'Geansaí gioblach air. Carbhat cam. An chuma air gur cuireadh babhla ar a cheann agus gur gearradh an méid gruaige nár chlúdaigh an babhla.' Is dóigh le Síomón go mbeidh sé in ann Éanna 'a thabhairt leis', cibé ciall atá leis sin.

3. Titeann troid amach idir Síomón agus Pádaí. Faigheann Síomón an bua.

Fíor ☐ Bréagach ☒

**Fianaise:** Níl fonn ar Shíomón dul ag troid le Pádaí. Deir sé, 'Ní rachainn sa seans lena leithéid d'fhathach.' Tugann sé dúshlán Phádaí ceart go leor ach tá a fhios aige go mbeidh múinteoir ag teacht isteach sa seomra go luath.

Ar bhealach, faigheann Síomón an bua ar Phádaí. Náiríonn sé é os comhair an ranga nuair a deir sé, 'Cén fáth a mbíonn tú ag piocadh ar leaids bheaga mar Éanna?' Tugann sé le fios do Phádaí nach bhfuil eagla air roimhe (cé go bhfuil, rud beag!)

**DO BHARÚIL?**

Faoi na scoláirí atá sé a gcuid freagraí féin a chur ar fáil.

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: POINTE FÉACHANA**
Déan plé ar an ráiteas, 'Is maith an pointe féachana a athrú, ar na cúiseanna seo...'

Beidh a gcuid freagraí féin ag na scoláirí air sin, ach ní miste na pointí seo a chlúdach:

- Déanann sé an scéal níos saibhre. Cuireann an léitheoir aithne ar roinnt carachtar. Faighimid amach cad atá ar intinn acu agus cad a theastaíonn uathu. Cuir i gcás, tá eagla ar Éanna roimh Phádaí Masters, ach tuigeann Síomón go mbeidh sé ábalta 'déileáil leis.' Bheadh sé spéisiúil a fháil amach cad a shíleann Pádaí faoi sin.
- Tugann sé leid dúinn faoi rún na gcarachtar. Cuir i gcás gur Éanna a d'inseodh an scéal ó thús deireadh. Ní bheadh a fhios againn ansin go bhfuil rún éigin taobh thiar de na rudaí a dhéanann Síomón dó.
- Ní chaithfimid éisteacht le carachtar amháin ó thús deireadh an leabhair. Bíonn guth nó pearsantacht faoi leith ag gach carachtar a thugann éagsúlacht isteach sa scéal.

Seans nach mbeidh na scoláirí ar aon intinn faoi na haidiachtaí is oiriúnaí le cur síos ar na carachtair. Ba cheart go mbeidís in ann tagairt d'fhianaise éigin sa scéal féin a thacaíonn lena gcuid freagraí.

Is iad na haidiachtaí a oireann d'Éanna:

- *faiteach* (níl sé de mhisneach aige dúshlán Phádaí Masters a thabhairt)
- *uaigneach* (bíonn sé ina shuí leis féin)
- *íogair* (tugann sé rudaí beaga faoi deara agus cuireann siad isteach air, mar shampla an iarracht chiotach a dhéanann an Mháistreás Dupont cabhrú leis)
- *greannmhar/barrúil* (tá dearcadh íoróineach aige, mar shampla deir sé seo faoin ainm Síomón Collina, 'Fuair mé amach ina dhiaidh sin gur *collina* an focal Spáinnise ar 'cnoc' ach níor míníodh sin dúinn ag an am, cé gur rang Tíreolaíochta a bhí ann.')

Is iad na haidiachtaí a oireann do Shíomón:

- *dána* (seasann sé os comhair an ranga gan aon fhaitíos air agus suíonn sé síos gan fanacht le cead ón bPríomhoide)
- *ceannasach* (aithníonn sé go gcaithfidh sé 'déileáil' le Pádaí Masters)
- *aibí* (deir sé linn go bhfuil taithí fhada aige ar scoileanna nua agus ar bhulaithe)
- *cleasach* (faigheann sé an bua ar Phádaí gan troid ar bith)

D'fhéadfaí a rá go bhfuil dearcadh *soiniciúil* ag Éanna agus ag Síomón araon, ach ar bhealaí difriúla. Tá Éanna soiniciúil go leor faoin iarracht chiotach a rinne an Mháistreás Dupont cabhrú leis. Níl sé dóchasach go dtiocfaidh athrú ar a shaol. Tá dearcadh soiniciúil ag Síomón maidir le daoine. Dar leis, tá gach rud feicthe aige. Deir sé seo faoi Phádaí: 'Bhí a leithéid romham i ngach scoil ina raibh mé riamh. Micko. Stevo. Basho. Is cuma. Is mar a chéile gach maistín.'

Faoi na scoláirí féin atá sé an tríú ceist a fhreagairt, cad iad na haidiachtaí a d'úsáidfeadh Síomón agus Éanna le cur síos ar a chéile.

## CUID 1, CAIBIDIL 3

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**

Is freagraí samplacha atá tugtha thíos. D'fhéadfadh freagraí eile ar fad a bheith scríofa ag lucht an ranga.

1. An bhfuil athrú tagtha ar an tslí a mothaíonn Éanna? Cén fáth?

*Tá dóchas i gcroí Éanna anois. Sheas duine eile an fód dó i gcoinne Phádaí Masters. Seans go mbeidh deireadh leis an mbulaíocht. Ní hamháin sin, ach seans go bhfuil an scoláire nua seo, Síomón, ag iarraidh a bheith mór leis.*

2. An bhfuil tú sásta go bhfuil cara ag Éanna anois. Cén fáth?

*Is deas an rud é go bhfuil Éanna níos sona, ach níl a fhios againn cén deireadh a bheidh air.*

3. An bhfuil amhras ort faoin gcaidreamh nua seo? Cén fáth?

*Tá an chuma air go bhfuil Síomón ag iarraidh Éanna 'a thabhairt leis' nó 'a mhealladh' isteach i ngnó rúnda éigin. Tá leid nó dhó ann go mbaineann an gnó seo le cúrsaí creidimh. D'iarr Síomón ar Éanna a fhógairt go siúlfaidh sé 'le Dia'. Seans go ndúirt Síomóin 'áiméan' ag deireadh a chuid cainte. Bhí an rud go léir rud beag cosúil le searmanas.*

*Is dócha go bhfuil Éanna buíoch do Shíomón as an fód a sheasamh dó i gcoinne Phádaí. Síleann sé go bhfuil an chaint faoi Dhia aisteach ach níl sé ag iarraidh olc a chur ar Shíomón. Tá sé ag iarraidh go mbeidh cairdeas eatarthu. 'A bheith cosúil le Síomón. Muiníneach. Dána. Os cionn an tslua.'*

4. An cuimhin leat an chéad lá a chas tú le dlúthchara? Cad a tharla ar an lá sin?

*Faoi na scoláirí féin atá sé an cheist seo a fhreagairt.*

**SAIBHRIÚ GAEILGE: ATHRÁ AGUS MALAIRT FOCAL**

Is freagraí samplacha atá sna freagraí thíos. Seans go mbeidh leaganacha eile ar fad ag na scoláirí.

1. **Mar sin féin/bíodh sin mar atá/fós féin/ina dhiaidh sin ar fad,** bhí rud amháin a d'fhan i mo chuimhne.

2. In amanna, téann blianta fada thart agus ní tharlaíonn **dada/faic/faic na ngrást/a dhath/a dhath ar bith/oiread na fríde**.

3. Cén fáth ar chuir sé a cheann i gcontúirt **ar mhaithe liomsa/ar mo shonsa**?

4. **Bhí orm/b'éigean dom** labhairt go hionraic faoin rud a bhí ag cur as dom.

5. Tá eagla orm dul ar an mbus liom féin. I ndiaidh an méid **a tharla/a thit amach** níos luaithe.

6. Éist, a Éanna, caithfidh tú dul ar an mbus. Inniu **thar/seachas** aon lá eile.

7. **Leithéidí/macasamhail** Phádaí, bíonn siad beo ar eagla daoine eile, nach mbíonn?

8. Tharraing sé an suíochán amach agus d'ordaigh domsa **an rud céanna a dhéanamh/déanamh amhlaidh**.

## CUID 1, CAIBIDIL 4

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Is freagraí samplacha atá sna freagraí thíos. Gach seans go gcuirfidh na scoláirí fianaise eile ar fáil.

1. Tugann siad ómós mór do dhuine nó do dhaoine atá i gceannas orthu.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Tá an-ómós ag muintir Shíomóin don duine a bhunaigh an Teampall Nua – an Bunaitheoir. Ghlac siad leis an ordú a thug sé imeacht as an Spáinn. Tá pictiúr de os cionn leaba Shíomóin.

2. Ní bhíonn cead ag na baill ceisteanna a chur ná amhras a léiriú faoin gcreideamh.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Nuair a deir Síomón go bhfuil ciall le teoiricí Charles Darwin faoin éabhlóid, déanann an t-athair magadh faoi: 'An bhfuil tú ag rá liom gur moncaí atá ionat?' Deir Síomón nach bhféadfadh an argóint a bhaint 'mar ní raibh 'argóint' ann i ndáiríre.'

3. Tá dímheas acu ar dhaoine atá taobh amuigh dá bpobal féin.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Tá dímheas acu ar Chríostaithe eile, fiú amháin: 'an chuid is mó de na daoine a deir gur 'Críostaithe' iad, is i bpócaí an Diabhail atá siad i ndáiríre.'

4. Bíonn siad cinnte de gur acusan amháin atá an ceart. Bréaga atá á n-insint ag gach dream eile.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Deir an t-athair le Síomón: 'Níl ach leabhar amháin ann ar fiú a bheith ag caint air. Soiscéal Dé de réir mar a mhíníonn an Bunaitheoir dúinn é. Sin foinse na fírinne. Bréagach a bhí Darwin agus Einstein agus gach diabhal a lean iad.'

5. Bíonn siad an-rúnda. Deir siad nach féidir leo a bheith oscailte, mar bheadh naimhde an chreidimh go holc dóibh.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Deir Síomón gur tugadh an t-ainm sin air mar 'bhí sé i ndán domsa obair Dé a dhéanamh go ciúin. Go rúnda, fiú amháin.' In áit eile, deir sé. 'Níl cead agam a rá os ard gur duine den Teampall Nua mé. Ní dhéanfadh sin ach trioblóid a tharraingt sa mhullach orainn.'

6. Síleann siad go bhfuil dualgas orthu daoine nua a thabhairt isteach sa phobal, chun a n-anam a shábháil.

I gcás an Teampaill Nua, tá sé sin Fíor ☒ nó Bréagach ☐

**Fianaise:** Sin an fáth ar fhág muintir Shíomóin an Spáinn. Deir Síomón gur 'iascaire ar dhaoine' atá ann. 'Is iomaí duine a casadh i mo líon agus muid ag dul ó bhaile go baile agus ó scoil go scoil.'

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: DOMHAN A CHRUTHÚ**
Faoi na scoláirí atá sé na ceisteanna maidir leis an gclár teilifíse/an scannán/an cluiche ríomhaireachta is fearr leo a fhreagairt. An bhfuil dúil acu i saothair fantaisíochta?

**FOCAL AGUS FRIOTAL**
Seo roinnt freagraí samplacha ar na ceisteanna faoi na focail agus frásaí a d'úsáid Síomón sa chaibidil.

| Focal/frása | Míniú |
|---|---|
| **An Teampall Nua** | An pobal creidimh ar tógadh Síomón ann. Tá an chuma air gur 'gluaiseacht nua reiligiúnach' atá ann. |
| **An Slua** | Daoine nach baill den Teampall Nua iad. Tá dímheas san ainm. |
| **An Bunaitheoir** | An té a chuir an Teampall Nua ar bun. Tá an chuma air go bhfuil sé beo go fóill agus go bhfuil sé i gceannas ar an ngluaiseacht. |
| **Dífhoghlaim** | Seo rud a dhéanann Síomón agus a athair gach lá i ndiaidh do Shíomón teacht abhaile ón scoil. Insíonn Síomón na rudaí a múineadh dó agus míníonn a athair cén fáth a bhfuil siad 'bréagach'. |
| **Iascaire ar dhaoine** | Tugadh an t-ainm sin ar an Dá Aspal Déag a lean Íosa Críost. Deir Síomón go bhfuil an obair chéanna ar siúl aige féin, ag mealladh daoine go dtí an Teampall Nua chun a n-anam a shábháil.<br><br>Úsáideann Síomón meafar na hiascaireachta agus é ag caint ar Éanna: 'Bhí sé i ndiaidh an baoite a shlogadh agus bhí a fhios agam go mbeadh sé éasca go leor é a tharraingt isteach. Ach de réir a chéile. Go deas réidh.' |

**DO BHARÚIL?**
Níl freagra 'ceart nó mícheart' ar na pointí plé seo, ach ba chóir go mbeadh na scoláirí fianaise a aimsiú sa téacs chun tacú lena dtuairimí.

- *Tá trua agam do Shíomón. Creideann sé go bhfuil an rud ceart á dhéanamh aige.* Tógadh Síomón sa phobal creidimh seo. Níl taithí aige ar shaol ar bith eile. Tá sé ag cloí le comhairle a thuismitheoirí féin.
- *Níl trua ar bith agam do Shíomón. Tá sé chun Éanna bocht a thabhairt isteach sa Teampall Nua díreach chun a thuismitheoirí féin a shásamh.*
  Is fíor go bhfuil soiniciúlacht éigin le brath ar an méid a deir Síomón faoi Éanna: 'Bhí sé i ndiaidh an baoite a shlogadh agus bhí a fhios agam go mbeadh sé éasca go leor é a tharraingt isteach. Ach de réir a chéile. Go deas réidh.' Thug sé DEIS ar Éanna níos luaithe sa scéal, i.e. deis chun duine a earcú.

- *Níl Síomón in ann smaoineamh dó féin. Tá sé ródhílis don Teampall Nua.*
  Ní deir Síomón glan amach go bhfuil míshásta lena shaol sa Teampall Nua. Tá sé dílis dá thuismitheoirí.
- *Tá amhras ag teacht ar Shíomón faoi na rudaí a mhúin a thuismitheoirí dó.*
  Tá rud nó dhó ann a thugann le fios go bhfuil amhras ag teacht ar Shíomón. Síleann sé go bhfuil ciall leis na teoiricí a bhí ag Charles Darwin faoin éabhlóid, mar shampla. Deir sé go raibh sé sin 'ag cur imní agus amhrais orm féin.'

  Deir sé seo chomh maith: 'Bíonn mo thuismitheoirí ag iarraidh orm rud amháin a rá os ard agus rud eile ar fad a chreidiúint i mo chroí istigh. Sin é mo shaolsa. Saol an dá thaobh. In amanna, is deacair dom a dhéanamh amach cá háit go díreach a bhfuil an fhírinne.'

**DO BHARÚIL?[2]**
Is freagraí samplacha atá sna freagraí thíos. Gach seans go gcuirfidh na scoláirí fianaise eile ar fáil.

1. Déan cur síos ar athair Shíomóin.

*Is cosúil gur duine caolaigeanta go leor atá ann. Creideann sé go huile is go hiomlán i dteagasc an Teampaill Nua agus tá dímheas aige ar gach rud eile.*

2. Conas a chaitheann athair Shíomóin lena mhac sa chaibidil seo?

*Níl sé 'cruálach' i ngnáthchiall an fhocail sin. Ní bhuaileann sé Síomón ná ní chuireann sé pionós air. Ach tá dílseacht don Teampall Nua níos tábhachtaí ná oideachas agus fiosracht Shíomóin. Déanann sé magadh faoi Shíomón nuair a deir seisean go bhfuil cuma na fírinne ar theoiricí éabhlóide Charles Darwin. 'An bhfuil tú ag rá liom gur moncaí atá ionat?' a deir sé.*

3. An dtaitníonn athair Shiomóin leat? Cén fáth a ndeir tú sin?

*Ba dheacair dúil a bheith agat i nduine atá chomh caolaigeanta.*

4. Cad is féidir leat a rá faoin gcaidreamh idir Síomón agus a athair?

*Tá an t-athair ag cur brú an-mhór ar Shíomón. Deir sé leis rud amháin a rá agus rud eile ar fad a chreidiúint. Tá an teannas agus an strus ag cur isteach ar Shíomón: 'Sin é mo shaolsa. Saol an dá thaobh. In amanna, is deacair dom a dhéanamh amach cá háit go díreach a bhfuil an fhírinne.' Tá an chuma air go bhfuil an Teampall Dé níos tábhachtaí ná Síomón.*

## CUID 1, CAIBIDIL 5

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Is freagraí samplacha atá sna freagraí thíos. Gach seans go gcuirfidh na scoláirí fianaise eile ar fáil.

1. Éisteann Éanna le ceol nach bhfuil focail nó liricí ann mar *éiríonn sé míchompordach ag éisteacht le hamhráin faoin saol a bhíonn ag daoine óga eile. Dar leis, níl na rudaí sin aige féin.*

2. Síleann Éanna go bhfuil athrú ag teacht ar lucht an ranga mar *bíonn cuid de na cailíní agus na buachaillí ina suí le chéile anois. Tá daoine ag iarraidh a thabhairt le fios nach páistí níos mó iad.*

3. Insíonn Síomón rud nó dhó d'Éanna faoina shaol féin. Cuireann an t-eolas iontas ar Éanna mar... *tá teilifíseán agus fón póca ag gach duine. Níl an chuma ar Shíomón go bhfuil a mhuintir róbhocht chun na rudaí sin a bheith acu.*

4. Síleann Éanna go bhfuil sé i ndiaidh díomá a chur ar Shíomón mar *cuireann sé a chuid ama amú ag féachaint ar an teilifís. Bhí sé in ainm agus tosú amach ar 'shaol nua'.*

5. Sa pharagraf deireanach, deir Éanna go bhfuil sé 'tógtha' mar *fuair sé cuireadh an deireadh seachtaine a chaitheamh le Síomón.*

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: *SHOW DON'T TELL***
1. Cén fáth nár inis an t-údar cnámha an scéil amach *glan díreach*, mar atá déanta san abairt thuas?

*Dá ndéanfaí ar an gcaoi sin é, ní bheadh aon rud le déanamh ag an léitheoir. Ní scéal a bheadh ann, ach achoimre!*

2. Ar chuala tú an nath Béarla *Show, don't tell* riamh? Cén chiall atá leis i gcomhthéacs na scéalaíochta, meas tú?

*Seachas cur síos lom a dhéanamh ar na carachtair – cén cineál daoine iad nó cad a theastaíonn uathu – is fearr go mór ligean do léitheoirí an t-eolas sin a fháil amach dóibh féin. Cuirimid aithne ar an carachtair trí na rudaí a deir siad agus a dhéanann siad – díreach mar a tharlaíonn sa ghnáthshaol.*

3. Dá mbeadh ort *Show, don't tell* a aistriú go Gaeilge, céard a mholfá?

*Seans nach mbeadh 'Ná hinis dúinn, léirigh dúinn!' ró-olc.*

**CEIST AGAM ORT**
1. Níl cur síos mion déanta ar an gcuma atá ar Éanna ná ar Shíomón. Cén pictiúr díobh a chruthaigh tusa i d'intinn féin?

*Ní féidir freagra samplach a sholáthar ar an gceist seo, atá ag brath ar na scoláirí féin. Is fíor, áfach, go ndéanann Síomón cur síos gairid ar Éanna i gcaibidil a dó: 'Geansaí gioblach air. Carbhat cam. An chuma air gur cuireadh babhla ar a cheann agus gur gearradh an méid gruaige nár chlúdaigh an babhla.'*

2. Is cosúil nach bhfuil Éanna mór lena dheirfiúr, Brídín. Cén chaoi a léirítear é sin dúinn?

*Deir Éanna, 'Is í Brídín mo dheirfiúr, dála an scéil. D'imigh sí go Baile Átha Cliath, le bheith ina hiriseoir mór le rá, mar dhea.' Is cosúil go síleann sé go bhfuil sí rud beag lán di féin. Níl seisean muiníneach go mbeidh sí ina hiriseoir 'mór le rá'. Ach seans go bhfuil sé míshásta léi toisc gur imigh sí uaidh. Deir sé le Síomón, 'Níl Brídín ann níos mó le súil a choinneáil orm.'*

3. Ní bhíonn saol ró-éasca ag Éanna sa bhaile ach oiread leis an scoil. Cén chaoi a léirítear é sin dúinn?

*Cuireann Éanna a shaol sa bhaile i gcomparáid le saol Shíomóin. Bíonn an teilifíseán ar siúl ina theach féin i gcónaí, a deir Éanna, ach 'is minic nach mbíonn dinnéar ceart ar an tábla.' Bíonn ceapairí deasa ag Síomón, ach bíonn an t-ádh ar Éanna 'má bhíonn slisíní aráin agam'.*

*Nuair a fhiafraíonn Síomón d'Éanna an mbeidh sé in ann cead a fháil óna thuismitheoirí an deireadh seachtaine a chaitheamh leis, deir Éanna: ' Is cuma leosan cén áit a mbím.'*

4. Ní bhíonn foinsí eolas ag Síomón seachas na cinn a cheadaíonn an Teampall Nua dó. Cén chaoi a léirítear é sin dúinn?

*Níl teilifíseán sa bhaile. Ní raibh fón póca aige riamh. Spreagann seo ceist in intinn an léitheora: an bhfuil muintir Shíomóin ag iarraidh foinsí eolais a cheilt air?*

5. Go dtí seo, ní dhearna Síomón mórán cainte ar chúrsaí creidimh, ach tá an chuma air go mbeidh athrú air sin go luath. Cén chaoi a léirítear é sin dúinn?

*Faigheann Síomón locht ar Éanna faoin méid ama a chuireann sé amú ag féachaint ar an teilifís: 'Trí lá ó shin, gheall tú tús a chur le saol nua. Na cláracha amaideacha sin faoi phóilíní thall i Meiriceá, an síleann tú gur cuid de do shaol nua iad sin?' Tugann sé cuireadh d'Éanna an deireadh seachtaine a chaitheamh leis sa charbhán. Is dócha go bhfuil ceangal idir an dá rud sin.*

## CUID 1, CAIBIDIL 6

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**

Is freagraí samplacha iad na freagraí thíos.

| | |
|---|---|
| 1. ‘Seo an teach inar tógadh mé.’<br>Cén fáth a bhfuil Brídín ar cuairt ann? | Tháinig sí chun Éanna a fheiceáil. Ní thugann sé freagra ar a cuid teachtaireachtaí níos mó. |
| 2. ‘Sa seomra suí, os comhair na teilifíse, a bhí m’athair.’<br>Cén sórt caidrimh atá idir Brídín agus a hathair? | Ní caidreamh rómhaith atá ann.<br>• Labhraíonn sé léi go tarcaisneach: ‘Féach, tá an t-iriseoir mór tagtha ó Bhaile Átha Cliath. Bhuel, nach mór an onóir dúinn é?’<br>• Cailleann sé smacht air féin nuair a fhreagraíonn sí an cheist ar an gclár teilifíse: ‘Brídín ‘Fios Gach Feasa’ Ní Chorra! Nach mar sin é?’<br>• Tugann sí le fios go mbíodh eagla uirthi roimhe: ‘An eagla a bhíonn ort an t-am ar fad, go ndéanfá rud éigin a tharraingeodh Dheaid ort.’ |
| 3. ‘Bhí mo mháthair riamh bog agus ní athróidh sí choíche.’<br>Cén sórt caidrimh atá idir Brídín agus a máthair? | Ní caidreamh rómhaith atá ann.<br>• Ba mhaith le Brídín dá seasfadh a máthair an fód di féin: ‘Bhí fonn orm í a chroitheadh. Cén fáth a mbíonn sí i gcónaí ag déanamh leithscéalta dó?’<br>• Ba chóir dá máthair aire níos fearr a thabhairt d’Éanna chomh maith: ‘Dá mbeadh do mhac óg ar shiúl ón teach ar feadh laethanta as a chéile, nach mbeifeá ag iarraidh a fháil amach cá mbíonn sé?’<br>• Ach ní mian léi a bheith ag troid lena máthair. Ar shlí, tá trua aici di: ‘Cén mhaith dom a bheith ag tabhairt amach di? Bhí mo mháthair riamh bog agus ní athróidh sí choíche.’ |
| 4. ‘Tá Éanna ar mo choinsias ó d’fhág mé an baile.’<br>Cén fáth a ndeir Brídín é sin? | D’imigh Brídín léi go Baile Átha Cliath. Tá a fhios aici nach saol ródheas a bhíonn ag Éanna sa bhaile, ach ní raibh sí in ann é a thabhairt léi. |
| 5. ‘Isteach liom (i seomra Éanna) agus mé ag mothú ciontach as bheith ag spiaireacht... Ach níorbh fhada gur tháinig an t-iontas in áit na ciontachta.’<br>Cén t-athrú atá tagtha ar Éanna, dar le Brídín? | Tá an seomra an-néata:<br>• tá murlán nua ar an doras<br>• tá an leaba cóirithe<br>• tá snas curtha ar na cláir adhmaid<br>• tá léinte iarnáilte ar crochadh sa phrios<br>• tá leabhair Éanna fágtha go deas néata ar thábla beag |

| | |
|---|---|
| | Tá roinnt rudaí aisteacha ann:<br>• pictiúr d'fhear crochta os cionn na leapa<br>• Bíobla i measc na leabhar nach bhfuil cosúil le Bíobla ar bith a chonaic Brídín riamh. |
| 6. 'Bhí a oiread sin ceisteanna le freagairt agam.'<br>Deir Brídín sin agus í ag fágáil sheomra Éanna. Cén fáth a bhfuil imní uirthi? | Ní thugtar an freagra glan amach, ach is dócha go bhfuil eagla ar Bhrídín gur tháinig athrú chomh tobann sin ar Éanna, go háirithe nuair atá cúrsaí creidimh i gceist. |

**CEIST AGAM ORT**
Seo roinnt freagraí samplacha. Lorgaíodh ceithre shampla, ach is féidir tuilleadh a chur ar fáil.

1. Uimhir 26, ach tá an 6 i ndiaidh titim bunoscionn agus shílfeá gur $2_9$ atá ann.

2. Tá boladh taise agus boladh toitíní sa halla dorcha.

3. Tá 'carn nuachtán agus bróisiúir greim gasta' ar an tolg.

4. Tá dath buí ar an tsíleáil 'ó na mílte toitíní'.

5. Suas an staighre liom... An cairpéad caite. An páipéar donn ag imeacht den bhalla anseo is ansiúd. An ráille láimhe a bhí briste bearnach.

6. Ar feadh fada go leor, ní raibh murlán nó hanla ar dhoras sheomra leapa Éanna.

7. Bhí cairpéad salach ar an urlár i seomra leapa Éanna go dtí le déanaí.

**SAIBHRIÚ GAEILGE: SAMHLACHA**
Faoi na scoláirí féin atá sé a gcuid samhlacha úrnua féin a chur ar fáil.

## CUID 2, CAIBIDIL 1

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Is é C an achoimre is fearr a chuireann síos ar an gcaibidil.

- Tá cuid den fhírinne in A, ach ní rómánsaíocht atá ar intinn ag Éanna nuair a dhéanann sé coinne le Louise. Is amhlaidh atá sé ag iarraidh í a mhealladh isteach sa Teampall Nua.
- Tá cuid den fhírinne in B chomh maith; níl muintir Shíomóin chomh mór le hÉanna agus a bhí ag an tús. Ach sin é an fáth a bhfuil Éanna ag iarraidh Louise a mhealladh isteach sa Teampall Nua, chun Síomón agus a thuismitheoirí a shásamh.

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: FORBAIRT CARACHTAIR**
Beidh a gcuid freagraí féin ag na scoláirí, ach seo roinnt pointí a d'fhéadfaí a lua sa phlé.

- Chonaiceamar sna chéad chaibidlí gur duine géarchúiseach é Éanna. Tugann sé rudaí faoi deara. Tá sé maith ag léamh intinn daoine eile. I gcás Louise, áfach, tá sé ag úsáid na scileanna sin ar bhealach mí-ionraic, slítheánta. Tá sé ag iarraidh teacht i dtír ar laigí Louise.
- Tá féinmhuinín in Éanna nach raibh ann riamh go dtí seo. Tá sé in ann dul chun cainte le cailín agus cuireadh a thabhairt di casadh leis tar éis na scoile. Ach ní cairdeas ceart atá i gceist. Tá Éanna ag iarraidh Louise a mhealladh isteach sa Teampall Nua díreach mar a rinne Síomón eisean a mhealladh.
- Tá an chuma air go bhfuil Éanna i ndiaidh glacadh le teagasc an Teampaill Nua go huile is go hiomlán. Níl aon rud ar intinn aige ach conas Síomón agus a thuismitheoirí a shásamh.

**DO BHARÚIL?**
Faoi na scoláirí atá sé a gcuid comhairle féin a thabhairt. Níor mhiste an méid seo a lua sa phlé: tá Éanna á mhealladh ag straitéisí a úsáideann gluaiseachtaí nua reiligiúnacha go han-mhinic ar fad.

- Bíonn siad an-mhór le baill nua ag an tús.
- Éisteann siad lena gcuid fadhbanna.
- Deir siad leo go bhfuil grá acu dóibh agus gur baill den 'teaghlach' anois iad.

Tugtar 'geanmhealladh' (*love-bombing*) ar an gcéim seo. Ní mhaireann sin ach tamall, áfach. Tarraingíonn siad siar rud beag ó na baill nua sa chaoi is go dtagann amhras agus imní orthu. Bíonn na baill nua sásta aon ní a dhéanamh ansin chun go mbeidh na daoine eile sa ghrúpa mór leo arís. Sin é go díreach an rud atá i ndiaidh tarlú i gcás Éanna.

## CUID 2, CAIBIDIL 2

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Is iad na scoláirí féin a chaithfidh na freagraí a sholáthar.

**DO BHARÚIL?**
Is iad na scoláirí féin a chaithfidh na freagraí a sholáthar.

**CEIST AGAM ORT[1]**
Fuarthas na haistriúcháin ó www.focloir.ie agus ó www.tearma.ie. Seans gur chum na scoláirí leaganacha Gaeilge dá gcuid féin.

| Ciall | Leagan Gaeilge |
|---|---|
| *mansplain*: Nós atá ag fir áirithe rudaí áirithe a mhíniú do mhná, ag glacadh leis nach dtuigeann siad go maith cheana féin. | fearmhíniú |
| *greenwash:* Cleasa nó bolscaireacht a úsáideann comhlachtaí móra chun a thabhairt le fios go bhfuil siad 'glas' i.e. i bhfabhar an timpeallacht a chosaint. | glasghlanadh |
| *binge-watch:* Breathnú ar an-chuid cláir theilifíse i ndiaidh a chéile. | craosfhéachaint a dhéanamh ar |
| *foodie:* Daoine a bhfuil spéis (agus dúil) mhór acu i mbia. | beadaí (tagann seo ón aidiacht 'beadaí' – *fussy about food, deacair a shásamh*) |
| *friendzone*: Cuir i gcás go bhfuil dúil agat i mbuachaill nó i gcailín. Is mian leat siúl amach leo ach b'fhearr leo féin tú a bheith mar chara acu. Is amhlaidh atá tú sa *friendzone*. | crios an chairdis (nó 'zón an chairdis') |

**CEIST AGAM ORT [2]**
D'fhéadfadh níos mó ná leagan amháin a úsáid i gcás cuid de na habairtí.

| Abairt | Focal/frása Gaeilge |
|---|---|
| Bhí ***theories*** Charles Darwin á múineadh sa rang Bitheolaíochta – ***evolution*** agus ***natural selection*** agus an stuif sin ar fad. | Bhí ***teoiricí*** Charles Darwin á múineadh sa rang Bitheolaíochta – ***éabhlóid*** agus ***roghnú nádúrtha*** agus an stuif sin ar fad. |
| Bhí neart airgid ag brath air seo – an ***prize fund*** ar fad. | Bhí neart airgid ag brath air seo – an ***duaischiste*** ar fad. |
| Thóg sé an ***remote*** agus mhúch sé an teilifís. | Thóg sé an ***zaipire*** agus mhúch sé an teilifís. (nó 'cianrialtán') |

| | |
|---|---|
| Thóg mé carn nuachtán agus bróisiúir ***fast food*** ón tolg. | Thóg mé carn nuachtán agus bróisiúir ***greim gasta*** ón tolg.<br>(nó 'mearbhia') |
| Leabhair a bhí agam féin, seal. ***Dog ears*** ar na leathanaigh agus nótaí scríofa ar na spásanna bána go léir. | Leabhair a bhí agam féin, seal. ***Cluaisíní cait*** ar na leathanaigh agus nótaí scríofa ar na spásanna bána go léir. |
| Smacht? ***Brainwashing?*** Níl sna scéalta sin ach bréaga... | Smacht? ***Múnlú intinne?*** Níl sna scéalta sin ach bréaga... |
| Bíonn go leor ***snobbery*** i measc na n-iriseoirí, tá a fhios agat. | Bíonn go leor ***snobaireachta*** i measc na n-iriseoirí, tá a fhios agat.<br>(Nó 'ardnósachas') |
| ***The mobile phone bleeped.*** | *Lig an fón póca gíog as.*<br>(Tá an focal 'blíp' ann chomh maith.) |

**DO BHARÚIL?**
Faoi na scoláirí atá sé a gcuid smaointe féin a phlé. Ba cheart plé oscailte a bheith sa rang i ndiaidh do na grúpaí beirte na ceisteanna a phlé.

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a fhorbairt agus cur i láthair nó díospóireacht ranga a dhéanamh di.

## CUID 2, CAIBIDIL 3

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Sa chaibidil seo, castar Brídín agus Síomón ar a chéile den chéad uair. Fiafraigh na ceisteanna thíos maidir leis an gcomhrá eatarthu.

1. Deir Brídín le Síomón, 'Sílim go dtiocfadh linn cabhrú le chéile.' Cad atá i gceist aici leis sin?

*Más mian le Brídín Éanna a mhealladh ón Teampall Nua, tuigeann sí go mbeidh uirthi Síomón a mhealladh chomh maith. Is dóigh léi gur féidir é sin a dhéanamh má fhaigheann Síomón an fhírinne amach faoi na rudaí atá déanta ag an Teampall Nua. Ní hamháin sin, ach seans go dtiocfaidh sé ar eolas tábhachtach faoina thuismitheoirí féin.*

2. Deir Síomón gur 'DN' atá i mBrídín. Cén chiall atá leis sin?

*Is ionann é sin agus Duine Namhdach. Sampla eile atá ann den teanga aisteach atá ag baill an Teampaill Nua*.

3. Cén difear atá idir an teaghlach sa Teampall Nua agus teaghlach gnáthdhaoine?

*Sa Teampall Nua, tugtar 'athair' agus 'máthair' ar gach duine atá níos sine ná thú. 'Deartháir' nó 'deirfiúr' atá ar dhaoine atá ar comhaois leat. Is cuma má tá gaol fola ann nó nach bhfuil.*

4. Cén fáth ar fhág an Teampall Nua an Spáinn?

*Bhí na húdaráis ag cur spéis iontu mar gheall ar scéim a bhí acu le dílleachtaí a uchtú.*

5. 'Faigh amach duit féin, a Shíomóin,' a deir Brídín nuair a thugann sí an táibléad dó. Cén rud atá le fáil amach aige?

*Tá Brídín i ndiaidh a insint dó gur ghoid an Teampall Nua na céadta páistí ó mhná bochta sa Spáinn. An bhfuil sé féin ina measc?*

6. I ndeireadh na caibidle, deir Síomón nach bhfuil suaimhneas le fáil aige. Cén fáth a ndeir sé sin?

*Bhí amhras ag teacht ar Shíomón faoin Teampall Nua cheana féin agus tá Brídín i ndiaidh méadú go mór ar an amhras sin. Ní ligeann sé dada air féin, ach glacann sé an táibléad uaithi mar sin féin. Tá léiriú maith ar mheon Shíomóin sa mhéid seo: 'Níor shíl mé gur bréag a bhí á hinsint aici ach ní raibh mé sásta a admháil gurbh í an fhírinne a bhí ann ach oiread. Sin rud iontach faoi intinn an duine – is féidir glacadh le heolas nua agus diúltú dó san am céanna. Tá mise á dhéanamh le blianta.'*

**CEIST AGAM ORT**[1]
Faoi na scoláirí atá sé na pointí a phlé agus a gcuid freagraí féin a chur ar fáil.

**CEIST AGAM ORT²**

| | Éanna | Síomón | Brídín |
|---|---|---|---|
| **Spreagadh (i dtús an scéil)** | Ba mhaith le hÉanna cairde a bheith aige. Ba mhaith leis go n-éireodh Pádaí Masters as a bheith ag bulaíocht air. | Ba mhaith le Síomón a thaispeáint dá thuismitheoirí gur ball dílis den Teampall Nua atá ann. Déanann sé iarracht ball nua (Éanna) a mhealladh isteach. | Tá Brídín ag iarraidh cabhrú lena deartháir. Mothaíonn sí ciontach faoi. Bhí a fhios aici go bhfuil fadhbanna sa bhaile ach, mar sin féin, d'fhág sí gan Éanna. Tuigeann sí go bhfuil Síomón i ndiaidh Éanna a mhealladh isteach sa Teampall Nua agus go gcaithfidh sí é a scaoileadh saor arís. Caithfidh sí a bheith cúramach, cliste, mar creideann Éanna gach rud a deir muintir Shíomóin. Mar a deir sí féin, 'Conas is féidir duine a shábháil nuair nach dtuigeann sé féin go bhfuil sé i gcontúirt?' |
| **Spreagadh (i lár an scéil)** | Ba mhaith le hÉanna a taispeáint do Shíomón agus dá thuismitheoirí gur ball dílis den Teampall Nua atá ann. Déanann sé iarracht ball nua (Louise) a mhealladh isteach. | Tá amhras ag teacht ar Shíomón faoin Teampall Nua. Tá Brídín i ndiaidh a rá leis gur ghoid siad páistí ón Spáinn. An féidir go bhfuil seisean ar dhuine acu? Tá cinnteacht ag teastáil uaidh. | |

## CUID 2, CAIBIDIL 4

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Freagraí samplacha atá sa tábla thíos. Seans go mbeadh freagraí eile ag na scoláirí.

Tá Éanna míshuaimhneach. Nuair a glacadh isteach sa Teampall Nua ar dtús é, bhí gach duine go maith dó. Anois, áfach, tá siad **rud beag fuar ann**. Is dóigh le hÉanna go gcaithfidh sé a thaispeáint dóibh gur ball dílis atá ann. Cén bealach is fearr chun sin a dhéanamh ná **duine nua a mhealladh isteach sa Teampall Nua?** Cuireann tuismitheoirí Shíomóin, Val agus Anna, comhairle air conas déileáil le Louise. Níor cheart aon ní a rá faoi chúrsaí creidimh ar dtús. Molann siad dó labhairt faoi **chúrsaí spioradáltachta agus faoin míshásamh a bhraitheann a lán daoine sa lá atá inniu ann**.

Níl an chuma air go bhfuil suim ag Síomón san obair ar chor ar bith. Tagann sé déanach go dtí an pháirc ina bhfuil siad chun casadh le chéile. Tugann sin deis d'Éanna agus Louise comhrá a bheith acu. Níl sí **ciúin faiteach** mar a shíl Éanna go dtí seo. Gabhann sí a leithscéal le hÉanna nár sheas sí leis nuair a bhí daoine ag déanamh bulaíochta air. Tá Éanna go mór trína chéile. Ar lámh amháin, síleann sé go bhféadfadh sé caidreamh ceart a bheith aige le Louise. Ar an lámh eile, **ní féidir leis a bheith iomlán oscailte léi mar caithfidh sé í a mhealladh isteach sa Teampall Nua.**

**CEIST AGAM ORT**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos. Seans go mbeadh freagraí eile ar fad ag na scoláirí.

1.Tá rudaí ag dul ar aghaidh i saol Shíomóin nach bhfuil eolas ar bith ag Éanna orthu. Cad iad?
*Níl a fhios ag Éanna go bhfuil Síomón in amhras faoin Teampall Nua. Níl a fhios aige ach oiread gur chas Síomón le Brídín agus gur inis sí dó faoi na dílleachtaí sa Spáinn. Is cinnte go bhfuil Síomón trína chéile – ní féidir leis a bheith cinnte gurb iad Val agus Anna a thuismitheoirí.*

2. Tá rudaí ar intinn ag Éanna i ngan fhios do Louise. Cad iad?

*Chomh fada is a bhaineann sé Louise, thug Éanna cuireadh di chun dánta a phlé. Níl sí ar an eolas faoin bplean atá aige í a mhealladh isteach sa Teampall Nua. Níl a fhios aici ach oiread cé chomh tríd a chéile agus atá sé – tá dúil aige inti agus síleann sé go dtiocfadh leo caidreamh ceart a bheith acu.*

3. Tá cleasa á n-imirt ag tuismitheoirí Shíomóin nach bhfuil eolas ag Éanna orthu. Cad iad?

*Tuigeann siad go bhfuil cairdeas agus grá ag teastáil ó Éanna. Tharraing siad siar uaidh sa chaoi is gur bhraith sé go raibh rud éigin as bealach déanta aige. Tá siad ag baint leas as Éanna chun obair an Teampaill Nua a dhéanamh.*

**SAIBHRIÚ GAEILGE: TUSA AN T-AISTRITHEOIR**
Aistriúcháin shamplacha atá sna habairtí thíos. Seans gur éirigh leis na scoláirí aistriúcháin mhaithe dá gcuid féin a chur ar fáil.

1. Iriseoir, mar bharr ar an donas.
*A journalist, to make matters worse/on top of everything else.*

2. Chuaigh mé siar ar an gcinneadh sin.
*I went back on that decision.*

3. Bhain siad lán a súl as an mbeirt againn.
*They had a good look at the both of us/they got an eyeful of us.*

4. Bíonn siad mór liom go fóill, ach ní i gcónaí. Seal ann agus seal as.
*They are still friendly towards me, but not always. It comes and goes*.
(Níor mhiste an nath *big with me/great with me*, atá i mBéarla na hÉireann, a lua anseo.)

5. Gheall mé dó nach ndéanfainn sin ar ór ná ar airgead.
*I promised him I wouldn't do that for the money in the world/for all the tea in China.*

6. Ag magadh ort atá mé. Bhuel, idir mhagadh agus dháiríre.
*I'm only joking with you. Well, half joking.*

## CUID 2, CAIBIDIL 5

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Seo ord ceart na n-abairtí.

| | |
|---|---|
| 1 | D. Casann an triúr – Éanna, Síomón agus Louise – le chéile i bpáirc chun dánta a phlé. |
| 2 | A. Déanann an comhluadar plé ar dhán a roghnaigh Louise. |
| 3 | E. Tosaíonn argóint idir Éanna agus Síomón faoin gciall atá le baint as an dán. |
| 4 | F. Insíonn Síomón do Louise go bhfuil Éanna ag iarraidh í a mhealladh isteach sa Teampall Nua. |
| 5 | B. Bualann Éanna buille ar Shíomón. |
| 6 | C. Imíonn Síomón agus ritheann Éanna amach as an bpáirc. |

**DO BHARÚIL?**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos. Seans go mbeidh freagraí eile ar fad ag na scoláirí.

1. Is duine géarchúiseach í agus tá léamh maith aici ar dhaoine. Cad atá le rá aici faoi Éanna agus Síomón? An bhfuil an ceart aici, dar leat?

*Deir sí go bhfuil an bheirt acu neamhghnách, aisteach. Ní miste léi sin in aon chor, mar tá sí féin rud beag mar sin. Aithníonn sí go bhfuil brón nó rún éigin i gcroí Shíomóin. Deir sí, 'Tá doircheacht éigin ag baint leis. Níl mé ag rá gur drochdhuine é, ach tá sé cosúil le buachaill a mbeadh scéal tromchúiseach éigin á choinneáil faoi rún aige.'*

*Aithníonn sí freisin go bhfuil Éanna athraithe go mór (cé nach bhfuil a fhios aici cén fáth). Deir sí, 'Duine dóchasach ó nádúr atá ann. Chomh luath agus a stopfadh an bhulaíocht, bheadh Éanna ceart go leor. Sin é go díreach an rud a tharla.'*

2. Roghnaigh Louise an dán *The Road Not Taken* le Robert Frost. Má chuireann tú an teideal sin isteach sa bhosca cuardaigh ar an suíomh www.poetryfoundation.org, cloisfidh tú an dán iomlán á léamh amach. Deir Louise, 'Shíl mé gur dán breá don triúr againn é.' Cén fáth ar shíl sí sin, meas tú?

*Díreach toisc go bhfuil siad féin 'neamhghnách'. Tá gach duine acu ag siúl ar an gcosán nach siúlann mórán daoine eile air. Deir sí, 'Shíl mé gur dán breá don triúr againne é, muidne atá chomh difriúil sin leis an gcuid eile den rang. Ár mbealach féin ag gach duine againn.'*

3. Deir Éanna gur dán ‘iontach dearfach’ atá ann. Deir Síomón go bhfuil an file ‘croíbhriste’. Cén fáth a gceapann siad na rudaí sin faoin dán? Smaoinigh ar mheon na beirte ag an bpointe seo sa scéal.

Tá feabhas mór tar éis teacht ar shaol Éanna. Creideann sé na rudaí a deir an Teampall Nua faoin saol iontach atá i ndán dó. Ní hiontas ar bith é go síleann sé an dán a bheith deireanach. Is dócha go bhfuil sé tar éis é féin a chur in áit an fhile, atá meáite ar a bhealach féin a shiúl. Bealach nach siúlann ‘an slua’.

*A mhalairt ar fad atá fíor i gcás Shíomóin. Tá sé cráite ag amhras agus ceisteanna. Chuala sé an chaint seo cheana, faoi chosán áirithe a shiúl. Braitheann sé go bhfuil brú air féin an cinneadh ceart a dhéanamh. Deir sé, ‘Táimidne i ndiaidh teacht chomh fada le crosbhóthar freisin. Nuair a fhágfaimid an scoil, thiocfadh linn dul bealach ar bith. Tá saoirse againn, nó sílimid go bhfuil. Ach an uair amháin a dhéanann tú an cinneadh, ní féidir leat filleadh siar an bealach a tháinig tú. Bíonn do shaol ar fad ag brath ar an gcinneadh ceart a dhéanamh anois.’*

4. Cén léamh atá agatsa ar an dán?

*Faoi na scoláirí atá sé an cheist seo a fhreagairt ar a mbealach féin.*

5. Tagann fearg ar Shíomón nuair a deir Éanna an focal ‘spioradálta’. Cén fáth?

*Sin an focal a mhol a thuismitheoirí a úsáid. Bealach atá ann le fáil amach cén dearcadh atá ag Louise gan cúrsaí creidimh a lua glan amach. Deir Val, ‘Sin focal nach gcuireann eagla ar dhaoine. Caithfidh sibh a fháil amach cén dearcadh atá ag Louise faoi na cúrsaí sin. Feicfidh sibh ansin an doras dúnta nó doras oscailte í.’*

6. I ndeireadh na caibidle seo, deir Louise go bhfuil ‘rud éigin cosúil le tuirse’ ar Shíomón. Cad é atá i gceist aici leis sin, do bharúil?

*Tá Síomón éadóchasach, cráite. Tá a sháith aige de shaol an Teampaill Nua. Ní féidir leis leanúint ar aghaidh mar a bhí sé.*

7. An dtaitníonn Louise leat mar charachtar? Cad iad na tréithe pearsanta a dhéanann carachtar suimiúil di? Déan tagairt don chaibidil seo agus do chaibidil 4.

*Faoi na scoláirí atá sé an cheist seo a fhreagairt ar a mbealach féin. Maidir le tréithe pearsanta Louise, is léir gur duine greannmhar, cliste í. Is duine deas tuisceanach í freisin – cuireann sí in iúl d’Éanna go mbíodh náire uirthi nuair a bhí daoine ag déanamh bulaíochta air.*

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: UAIR NA CINNIÚNA**
Faoi na scoláirí atá sé na ceisteanna seo a fhreagairt. Níor mhiste filleadh ar an ngníomhaíocht seo tar éis Cuid 3 a léamh. An raibh an ceart ag na scoláirí faoin gcuid eile den scéal?

# CUID 3, CAIBIDIL 1

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos.

1. Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar smaointe Éanna i dtús na caibidle?

B. Tá sé scanraithe agus go hiomlán trína chéile.

2. Tá Val agus Anna sa charbhán. Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar an gcomhrá idir iad agus Éanna?

B. Cuireann siad an locht ar fad airsean as an méid atá i ndiaidh titim amach.

3. Téann Éanna isteach i seomra Shíomóin. Cén ráiteas is fearr a chuireann síos ar an gcomhrá eatarthu?

C. Ní deir siad mórán. Tá sé le tuiscint go bhfuil Síomón ag imeacht áit éigin.

4. 'Tá atmaisféar aisteach sa chaibidil seo. Tá an chuma air go bhfuil Síomón i mbaol.'
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Cén fhianaise atá ann go bhfuil Síomón i mbaol?

Ní deirtear glan amach go bhfuil Síomón i mbaol, ach tá go leor rudaí aisteacha ann. An carr taobh amuigh den charbhán. An strainséir istigh sa seomra le Síomón. Deir Val agus Anna go bhfuil siad ag imeacht, ach ní deir siad cén áit.

**CEIST AGAM ORT: CASADH SA SCÉAL**
Faoi na scoláirí atá sé an cheist sin a fhreagairt.

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: DIALÓG**
Is cinnte go mbeidh a gcuid tuairimí féin ag na scoláirí ar cad is dialóg mhaith ann. Níor mhiste na pointí seo a chlúdach:

- Bíonn 'guth' dá gcuid féin ag na carachtair éagsúla. I dtús *Éanna Corr* bhí caint Shíomóin lán de na nathanna aisteach a úsáidtear sa Teampall Nua. Bhí difear mór idir é sin agus caint Éanna.
- Is fearr sean-nathanna (*clichés*) a sheachaint. Cuimhnigh ar an radharc sa pháirc agus ar an argóint idir Éanna agus Síomón. Bheadh an radharc millte dá mbeadh sé lán sean-nathanna, m.sh. 'Ní mó ná sásta atá mé, a Shíomóin' nó 'Ní mar a shíltear a bhítear, a Louise.'
- Níor cheart píosa cainte a bheith ann ar mhaithe le píosa cainte a bheith ann. Caithfidh an dialóg pearsantacht na gcarachtar a léiriú agus an scéal a thiomáin ar aghaidh. Níl léitheoirí ag iarraidh comhrá faoin aimsir a léamh.
- Ba chóir a bheith spárálach agus gan píosaí móra cainte a chur i mbéal carachtair amháin. Ní bhíonn fonn ar léitheoirí óráid a léamh!
- Ba cheart go mbeadh a seal féin ag gach carachtar sa chomhrá, mar a bhíonn sa saol a bhfuilimid beo ann. Bíonn daoine i gcónaí ag briseadh isteach ar a chéile, ag cur ceisteanna ar a chéile, ag easaontú le chéile agus mar sin de.

## CUID 3, CAIBIDIL 2

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos.

1. 'Tiocfaidh lá agus caillfidh Éanna spéis sa Teampall Nua,' a deir Brídín léi féin. 'Níl sé chomh tromchúiseach sin i ndáiríre.'
An gcreideann sí sin i ndáiríre, meas tú?

*Is dócha nach gcreideann. Deir sí sin léi féin chun faoiseamh a fháil ón imní atá uirthi.*

2. 'Is iomaí cleas atá ag an Teampall Nua chun daoine a chur ar an gCosán arís, i ndiaidh dóibh dul ar strae.'
Cad iad na cleasa a bheadh ag a leithéid de ghrúpa chun déileáil le daoine atá ag iarraidh imeacht uathu?

*Beidh a dtuairimí féin ag na scoláirí faoi seo. Chonaiceamar cleasa áirithe cheana féin, mar shampla grá agus cairdeas a thairiscint agus é a tharraingt siar arís. Is cinnte go mbeidh bagairtí i gceist, mar shampla, rachaidh tú go hifreann mura bhfanfaidh tú san eaglais.*

3. Cén fáth a bhfuil a oiread sin eagla ar Éanna maidir le Síomón? Ní hé go ndearna duine ar bith bagairt air.

*Tá a fhios ag Éanna go mbíonn dílseacht iomlán ag teastáil ón Teampall Nua. Ní ligfidh siad do Shíomón imeacht mar sin. Deir sé, 'Chaith siad mise amach, ach beidh siad ag iarraidh Síomón a choinneáil. Is duine díobh féin é agus ní ligfidh siad dó imeacht mar sin.' Níor thuig sé i gceart cad a bhí ag titim amach sa charbhán ach is léir dó anois gur scéal tromchúiseach atá ann. Tá an Teampall Nua chun Síomón 'a thabhairt áit éigin a mbeidh siad ábalta dul ag obair air. É a dhéanamh dílis arís. Na drochsmaointe a dhíbirt as a cheann.'*

4. Cén fáth a mbeadh Éanna ag iarraidh cabhrú le Síomón? Nach é Síomón a thug isteach sa chultas contúirteach é an chéad lá riamh?

*Fós féin, tá Éanna buíoch do Shíomón. D'athraigh sé a shaol. Deir sé, 'Is é mo chara é, in ainneoin gach rud a tharla. Sheas sé an fód dom. Caithfidh mise an fód a sheasamh dósan.'*

**DO BHARÚIL?**
Faoi na scoláirí atá sé na pointí seo a phlé agus a dtuairimí féin a chur in iúl.

## CUID 3, CAIBIDIL 3

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO: CÉ A DÚIRT?**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos.

1. 'Bhí mé ag dul as mo mheabhair le frustrachas.'

*Ba é Éanna a dúirt sin. Ní raibh Brídín ag iarraidh dul go stáisiún na nGardaí agus bhí eagarthóir an nuachtáin i ndiaidh diúltú an scéal a fhoilsiú. Bhí ag teip ar a gcuid pleananna go léir.*

2. 'Beidh orm diúltú dó, is oth liom a rá.'

*Ba é an t-eagarthóir a dúirt sin, ag caint ar an scéal a d'inis Éanna dó. Ní hé nach síleann sé gur scéal maith atá ann. Ach tá eagla air go gcuirfidh an Teampall Nua dlí ar an nuachtán agus nach mbeidh an nuachtán in ann na costais a íoc.*

3. 'Ní raibh an dara rogha ann – chaithfinn mo chroí a nochtadh don saol mór.'

Éanna a dúirt sin. Rinne sé a scéal féin a thaifeadadh. Bhí na fíricí go léir ann ach níor labhair sé óna chroí féin. Deir sé, 'Bhí rud éigin in easnamh ann. An diabhal nóta pearsanta sin.'

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: AN LAOCH INNIU IS INNÉ**
Freagraí samplacha atá tugtha sa tábla thíos.

| Cú Chulainn | Éanna |
|---|---|
| Ní bhíodh eagla ar Chú Chulainn riamh. 'Setanta' an t-ainm a bhí air i dtús a shaoil. Agus é ina ghasúr óg, throid sé le madra (nó 'cú') mór millteach a bhí ina mhadra cosanta ag fear darbh ainm Culann. Mharaigh Setanta é le buille amháin dá chamán. Is mar sin a fuair sé a ainm: Cú Chulainn.<br><br>Ní chuirfeadh rud ar bith faitíos ná buaireamh ar Chú Chulainn. | An mar sin atá Éanna? Conas a fuair seisean an t-ainm 'Éanna Corr'?<br><br>*Is ainm magaidh seachas ainm gaisce atá in Éanna Corr. Meascán atá ann den ainm Éanna Ó Corra agus an nath cainte 'éan corr'.*<br><br>*I dtús an scéil, bhí Éanna in ísle brí. Bhí daoine ag déanamh bulaíocht air agus ní raibh sé in ann an fód a sheasamh dó féin.* |
| Bhí Méabh ina banríon ar Chonnachta agus chuaigh sí chun cogaidh leis na hUltaigh. Chuir sí a harm iomlán go Cúige Uladh ach tháinig Cú Chulainn amach rompu, ina aonar.<br><br>Is mar sin a chruthaigh sé gur laoch a bhí ann – sna cathanna a throid sé. | An ndéanann Éanna aon rud a bhfuil 'laochas' ag baint leis?<br><br>*Braitheann sin ar cad a thuigeann tú as an bhfocal 'laochas'. D'fhéadfadh sé leanúint ar aghaidh agus dearmad a dhéanamh de Shíomón ach fanann sé dílis dá chara. Insíonn sé a scéal féin don saol mór, cé nach sceal gaisce ar bith é.* |

| | |
|---|---|
| Bhí Cú Chulainn dílis do rí Uladh, Conchúr mac Neasa. Fiú má bhí amhras air go raibh an ceart ag an rí, dhéanadh sé na rudaí a ordaíodh dó a dhéanamh, gan cheist.<br><br>Sin an cineál dílseachta atá riachtanach don laoch agus don saighdiúir. | An bhfuil an dílseacht chéanna ag baint le hÉanna? Cén chaoi?<br><br>*Dílseacht de shaghas eile ar fad atá ann. Níor chuir Cú Chulainn ceist faoina chuid dualgas riamh. Tá Éanna cróga go leor le ceisteanna crua a chur air féin. Tá sé sásta a admháil go ndearna sé rudaí nach bhfuil ródheas. Tá Éanna dílis dá chairde ar bhealach nach raibh Cú Chulainn.* |

**SAIBHRIÚ GAEILGE**

Beidh tuairimí dá gcuid féin ag na scoláirí faoi na haidiachtaí is oiriúnaí. Gan amhras, beidh aidiachtaí ann a d'oirfeadh do Chú Chulainn agus d'Éanna araon.

| **Cú Chulainn** | **Éanna** |
|---|---|
| neamheaglach | casta<br>íogair<br>soghonta<br>báúil<br>neamhfhoirfe<br>saonta<br>seiftiúil |

## CUID 3, CAIBIDIL 4

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos.

| Gnáthchiall | Comhthéacs an Teampaill Nua |
|---|---|
| **1. Ifreann**<br>Áit phionóis do dhrochdhaoine tar éis a mbáis. | Áit phionóis do dhaoine atá mídhílis don Teampall Nua. |
| **2. Ceartaitheoir**<br>Duine a dhéanfadh rudaí a cheartú, m.sh. aistí, scrúduithe. | Duine den Teampall Nua a dhéanann 'smaointe míchearta' a cheartú chun daoine a chur ar ais ar an gcosán ceart. |
| **3. Cosán**<br>Bealach i gcomhair coisithe. | Tugann lucht an Teampaill Nua 'an Cosán' ar a dteagasc agus ar a gcuid nósanna féin. Sin an bealach ceart chun do shaol a chaitheamh. |

**DO BHARÚIL?**
Faoi na scoláirí atá sé na ceisteanna seo a fhreagairt.

## CUID 3, CAIBIDIL 5

**AN SCÉAL GO DTÍ SEO**
Freagraí samplacha atá tugtha thíos.

1. Deir Éanna, 'De réir a chéile, tá sé ag éirí cosúil leis an sean-Síomón. Bhuel, tá agus níl.' Cad atá i gceist aige leis sin, do bharúil?

*Tá cuid den fhéinmhuinín a bhí ann ag teacht ar ais. Ach níl sé chun a chuid buanna a úsáid chun daoine a mhealladh isteach sa Teampall Nua ná cleasa den chineál sin a imirt ar dhaoine*.

2. Deir Éanna, 'Ní fada go mbeidh sé (Síomón) ag tosú amach sa saol go húrnua. Saol lasmuigh den Teampall Nua.' Cad iad na dúshláin a bheidh roimh Shíomón sa saol nua sin, dar leat?

*Beidh air gach rud a bhfuil taithí aige air go dtí seo a fhágáil ina dhiaidh. Bhí cinnteacht ag baint leis an Teampall Nua. Anois, beidh air a bhealach féin a dhéanamh sa saol. Tá ceisteanna eile le freagairt. Cuir i gcás, cén gaol atá aige le Val agus Anna? An bhfuil sé ar dhuine de na páistí a goideadh sa Spáinn?*

3. Deir Síomón gur lig lucht an Teampaill Nua dó éalú. Cén fáth a ndéanfaidís sin?

*Is dócha go raibh an scéal chun tosaigh go mór sa nuacht. Bhí eagla ar an Teampall Nua go mbeadh aird an domhain mhóir orthu dá leanfadh an scéal ar aghaidh. Shíl siad gurbh fhearr Síomón a ligean saor.*

4. Deir Éanna le Síomón, 'Níl mé cinnte go bhfuilimid cróga, mise agus tusa, ach tá a fhios agam go bhfuil misneach againn.' Cad atá i gceist ag Éanna leis sin? Nach ionann crógacht agus misneach?

*Nuair a chloisimid an focal 'cróga', smaoinímid ar laochra agus ar ghaisce (i gcogadh, cuir i gcás). Níl Éanna agus Síomón 'cróga' ar an gcaoi sin ach rinne siad rudaí misniúla. D'imigh Síomón ón eaglais inar tógadh é. D'inis Éanna a scéal féin os comhair an tsaoil, in ainneoin gur scéal deacair é.*

5. 'Leanfaimid ar aghaidh,' a deir Éanna le Síomón.
Siúd iad na focail dheireanacha sa leabhar. Cén fáth, meas tú, ar roghnaigh an t-údar na focail áirithe sin? An críoch shásúil ar an scéal atá ann? An gcuirfeá féin críoch dhifriúil ar an scéal? Cén chríoch?

*Faoi na scoláirí atá sé an cheist sin a fhreagairt*.

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: RÚIN AGUS MIANTA**
Freagraí samplacha atá tugtha sa tábla thíos.

| I dtús an scéil | I ndeireadh an scéil |
|---|---|
| **Éanna:** Bhí cairdeas agus comhluadar ag teastáil ó Éanna. Bhí sé tuirseach den saol uaigneach a bhí aige – daoine ag bulaíocht air sa scoil agus Brídín i ndiaidh é a fhágáil leis féin sa bhaile.<br><br>Bhí sé ag iarraidh a shaol a athrú agus a bheith páirteach i rud éigin. | An bhfuair Éanna na rudaí a bhí uaidh sa deireadh? Cad a bhí le déanamh aige chun iad a fháil?<br><br>*Tá fíorchairdeas anois idir é féin agus Síomón. Níl an cairdeas sin ag brath ar chleasaíocht ná cur i gcéill. Sheas Éanna an fód do Shíomón agus thaispeáin sé an misneach atá ann. Rinne sé sin go neamhspleách gan a bheith ag brath ar an Teampall Nua a shaol a leagan amach dó.*<br><br>*Ní hamháin sin, ach tá sé mór le Brídín arís. Aithníonn sé an méid a rinne sí ar a shon i gcaitheamh na mblianta.* |
| **Síomón:** Bhí dhá rún i gcroí Shíomóin ag teacht salach ar a chéile. Ar lámh amháin, bhí sé ag iarraidh Éanna agus daoine eile a mhealladh isteach sa Teampall Nua chun a mhuintir féin a shásamh. Ar an lámh eile, bhí amhras ag teacht air faoi na rudaí a theagasc an Teampall Nua dó. 'Saol an dá thaobh,' a bhí aige. 'In amanna, is deacair dom a dhéanamh amach cá háit go díreach a bhfuil an fhírinne.'<br><br>Bhí Síomón ag iarraidh an dá thaobh dá shaol a thabhairt le chéile ar bhealach éigin. | An bhfuair Síomón na rudaí a bhí uaidh sa deireadh? Cad a bhí le déanamh aige chun iad a fháil?<br><br>*Níl aon amhras ar Shíomón níos mó. Tuigeann sé gur dream cleasach a bhí sa Teampall Nua a bhí ag iarraidh greim daingean a choinneáil air agus a shaol a rialú. Ní raibh an dara rogha ann ach é a shaoradh uathu, rud a rinne sé le cabhair Éanna agus Bhrídín. Is fíorchairde iad sin.*<br><br>*Ach bhí praghas le híoc ar an tsaoirse. Níl a fhios ag Síomón cén gaol atá aige le Val agus Anna, a bhí mar athair agus máthair dó ar feadh i bhfad. Tá sé scartha uathu anois agus ní léir céard atá in ann dó.*<br><br>*Mar sin, tá dóchas le brath ar dheireadh an scéil. 'Leanfaimid ar aghaidh,' a deir Éanna agus é ag cabhrú le Síomón éirí den bhinse.* |

| | |
|---|---|
| Brídín: Mhothaigh Brídín ciontach toisc gur imigh sí go Baile Átha Cliath agus gur fhág sí Éanna leis féin. Theastaigh uaithi a bheith mór le hÉanna arís agus é a chosaint ar lucht an Teampaill Nua. Ach, mar a dúirt sí féin: 'Conas is féidir duine a shábháil nuair nach dtuigeann sé féin go bhfuil sé i gcontúirt?' | An bhfuair Brídín na rudaí a bhí uaithi sa deireadh? Cad a bhí le déanamh aici chun iad a fháil?<br><br>*Tá athmhuintearas idir féin agus Éanna – an rud ba mhó a bhí uaithi. Go deimhin, is dócha go bhfuil siad níos gaire dá chéile ná riamh de bharr na n-eachtraí ar fad.* |

**CEIRD NA SCRÍBHNEOIREACHTA: TÉAMAÍ**
Gan amhras, cuirfidh na scoláirí freagraí dá gcuid féin ar fáil. Níor mhiste cuid de na téamaí is coitianta san fhicsean liteartha a lua.

Téamaí a thagann aníos in *Éanna Corr*: grá agus cairdeas, teacht in inmhe (i.e. an t-aistear idir saol an pháiste agus saol an duine fhásta), saol an teaghlaigh, dílseacht, saoirse, cumhacht, féiniúlacht (i.e. a fháil amach cén cineál duine atá ionat), amhras agus creideamh, an mhaith in aghaidh an oilc.

Tá téarmaí eile ann nach bhfuil aon bhaint acu le Éanna Corr, mar shampla an bás, cogadh, an timpeallacht, an saol nádúrtha, spástaisteal, an osnádúrthacht agus araile.

**CEIST AGAM ORT**
Beidh freagraí dá gcuid féin ag na scoláirí ar an gceist.